Diosgraife

Simply put it is a disorder of handwriting primarily that causes my handwriting to be illegible to many people ... and makes it next to impossible for me to learn spelling. My verbal IQ however, is in the 99th percentile - the highest possible score. So clearly bad spelling has nothing to do with my actual mastery of the english language.

I have Dysgraphia, Angela Dark, ón Experience Project
http://www.experienceproject.com/uw.php?e=97767

Cuireann diosgraife isteach ar chumas na ndaltaí chun scríobh go soiléir, is cuma cén cumas léitheoireachta atá acu. I measc na gcineálacha aitheanta tá:

Cineál 1: **disléicse diosgraife:** nuair a **chruthaíonn dalta obair scríofa go spontáineach tá an obair sin doléite, tá obair chóipeáilte go maith agus tá an litriú lag.** Ní gá go bhfuil disléicse ar dhalta ar a bhfuil disléicse diosgraife.

Cineál 2: **diosgraife luaileach:** seans gur laigí i **scileanna mínluaileacha agus deaslámhacht lag nó/agus drochthónú na matán** is cúis leis an ríocht seo. Go hiondúil bíonn obair scríofa go dona nó doléite, fiú má tá sí cóipeáilte ó fhoinse eile. Cé gur féidir foirmiú litreacha a bheith soléite i samplaí gairide scríofa, go hiondúil tarlaíonn sé seo mar thoradh ar shár-iarrachtaí agus ar thréimhsí míréasúnta ama a chaitheamh air. Ní bhíonn tionchar aige ar scileanna litrithe.

Cineál 3: **diosgraife spásúil:** máchail i bhfeasacht spásúil is cúis leis an riocht seo. Seans go mbeidh an scríbhneoireacht doléite nuair a scríobhann daltaí go spontáineach nó má chóipeálann siad. Ní hiondúil go gcuireann sí isteach ar scileanna litrithe.

Go ginearálta, san obair scríofa, bíonn meascán de litreacha i gcásanna íochtair agus i gceannlitreacha, bíonn neamhrialtacht i gcruthanna agus i méideanna litreacha agus bíonn litreacha ann nach bhfuil críochnaithe. Bíonn deacracht ag daltaí scríbhneoireacht a úsáid mar uirlis chumarsáide, agus cuireann siad an oiread sin iarrachta isteach sa phróiseas scríbhneoireachta go mbíonn an chuma air nach bhfuil mórán samhlaíochta ná smaoinimh ina gcuid saothair. Bíonn greim neamhghnách acu ar an bpeann, bíonn cruth aisteach ar a rosta, ar an bpáipéar agus ar a gcolainn acu, agus ní bhíonn compord ar bith acu ag scríobh. Seans go mbeidh iomarca scriosadh-amach le feiceáil, chomh maith le mí-úsáid línte agus imill. Bíonn scríbhneoireacht na ndaltaí trína chéile ar an leathanach. Seans go mbeidh deacrachtaí eile le feiceáil: droch-eagrú smaointe, drochstruchtúr abairte agus/nó ailt, agus léiriú teoranta ar smaointe. Seans go mbeidh drogall orthu tascanna scríbhneoireachta a chríochnú nó go ndiúltóidh siad iad a chríochnú.

Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Cuir tacaíocht ar fáil le meicníochtaí taifeadta breise nuair is cuí (m.sh. cairteacha, léaráidí, deachtafóin, samhail, bogearraí aitheanta gutha agus próiseálaí focal).
- Laghdaigh an méid scríbhneoireachta a bheidh ar dhalta a dhéanamh.
- Spreag freagraí ó bhéal.
- Úsáid páipéar a bhfuil línte ardaithe air; oibreoidh sé seo mar threoir chéadfach chun cabhrú leis an dalta fanacht idir na línte.
- Bain triail as pinn éagsúla agus pinn luaidhe éagsúla chun ceann a fháil lena bhfuil an dalta compordach.
- Bain Triail as meabhairmhapáil®, léaráid líontáin agus mapaí coincheapa mar bhealaí chun ábhair a scagadh nó foghlaim a léiriú.
- Cuir gníomhartha scríofa agus bileoga oibre in oiriúint (m.sh. in áit a bheith ag súil go scríobhfaidh dalta freagraí le habairtí iomlána, spreag an dalta chun an focal atá ar iarraidh a líonadh isteach nó ciorcail a chur timpeall ar an bhfreagra ceart.
- Bain feidhm as leabhair saothair, nuair is cuí, chun gearradh siar ar chóipeáil ó leabhair.

- Nuair atá tú ag eagrú obair scríofa, tionscadail go háirithe, cruthaigh liosta d'eochairfhocail.
- Bain úsáid as teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha, mar shampla, bogearraí gníomhachtúcháin gutha má tá na gnéithe meicniúla den scríbhneoireacht fós ina mbac mór.
- Bain triail as réimse uirlisí scríbhneoireachta (m.sh. marcóirí le barr tiubh/tanaí, úsáid greamáin ar phinn luaidhe, srl).
- Bris tascanna síos i gcéimeanna beaga agus tabhair dóthain ama chun iad a chríochnú.
- Roghnaigh agus aibhsigh na botúin is mó, ní na botúin go léir - dírigh ar an gcineál botúin (cáilíocht) seachas líon na mbotún (cainníocht).
- Tabhair spreagadh agus moladh cuiditheach go rialta agus taispeáin go gcreideann tú go mbainfidh an dalta caighdeán ard amach.
- Cuir teorainn leis an líon cóipeála atá le déanamh ón gclár.
- Aithin go dteastaíonn am breise ó dhaltaí chun tascanna scríofa a chríochnú.
- Múin scileanna eagraíochtúla go follasach, mar shampla POWER chun aistí a scríobh:

  PLANNING (Pleanáil)
  ORGANISING (Eagrú)
  WRITING (Scríbhneoireacht)
  EDITING (Eagarthóireacht)
  REVISING (Dul Siar)

Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Cavey, D.W. (2000) Dysgraphia: *Why Johnny Can't Write: A Handbook for Teachers and Parents* (3ú eag.), Austen, TX: Pro-ed.
2. Richards, R.G. agus Richards, E.L. (2000) *Eli, the boy who Hated to Write: Understanding Dysgraphia,* Riverside, CA: RET Center Press.
3. Richards, R.G. (eag.) (2005) *When Writing's a Problem: Understanding Dysgraphia and Helpful Hints for Reluctant Writer* (4ú eag.), Riverside, CA: RET Center Press.
4. Tugann an National Center for Learning Disabilities (SAM) leideanna do mhúinteoirí daltaí bunscoile agus iarbhunscoile maidir le diosgraife, láithreán gréasáin: http://www.ldonline.org/article/12770
5. Tugann Schwablearning.org straitéisí agus leideanna múinteoireachta do dhaoine atá ag obair le dalta a bhfuil diosgraife orthu, láithreán gréasáin: http://www.schwablearning.org/articles.aspx?r=759

Notaí